# B




3 - Cúpla focal faoi...
4 - Rannta, amhráin agus dánta
5 - Scéalaíocht

# Clár


| | |
|---|---|
| Caint agus Scoil | 2 |
| Ceisteanna Oscailte agus Dúnta | 3 |
| Ag Caint le do ghasúr | 4 |
| Céard faoi éisteacht? | 5 |
| Cluichí a bhaineann le caint agus le héisteacht | 6 |
| Béim ar chaint agus ar éisteacht | 7 |
| Ag labhairt agus ag éisteacht le do ghasúr | 8 |
| An gcuimhníonn tú ar na rannta seo? | 9 |
| Ag éisteacht le patrúin fuaime | 10 |
| Amhráin agus rannta gníomhaíochta | 11 |
| Bí ag spraoi leis na rannta | 12 |
| Oideas le scéal a chur le chéile | 13-14a |
| Bosca Scéalta | 15 |
| Ag tabhairt cúnaimh do do ghasúr scéal a athinseacht | 16 |
| Scéalta athchóirithe | 17 |
| Ag déanamh puipéad | 18 |
| Scéalaíocht | 20 |




# Caint agus Scoil

Tá sé tábhachtach nuair a thosaíonn do ghasúr ar an scoil, cúnamh a thabhairt di aithne a chur ar ghnáthchleachtas an tseomra ranga agus muinín a bheith aici aisti féin páirt a ghlacadh sa gcaint a bhíonn sa seomra ranga.

Tabhair cúnamh do do ghasúr aithne a fháil ar an timpeallacht atá timpeall uirthi sa seomra ranga.

Sula dtosaíonn do ghasúr ag dul ar scoil, tosaigh ag aithris ar an scoil léi.

Go minic bíonn ceann de na gasúir is sine sásta a bheith ina mhúinteoir ag an ngasúr óg.

Chomh luath agus a thosaíonn do ghasúr ar scoil lig cead di a bheith ina múinteoir agus bíodh tusa nó an gasúr is sine ina scoláire.

Tabharfaidh sé sin an deis do do ghasúr an tuairim atá aici de ról agus de spriocanna an mhúinteora a léiriú.

Iarr ar do ghasúr pictiúr den seomra ranga a tharraingt nó d'fhéadfá é a tharraingt léi.

Fiafraigh ceisteanna faoin seomra:

Cén áit a suíonn tú? Cá suíonn do mhúinteoir?

Cá bhfuil an leithreas? Cá gcuireann tú do chóta agus do mhála scoile?

Fiafraigh faoin am:

Cén uair a bhíonn briseadh agat? Céard a dhéanann tú?

Fiafraigh faoin gcaint sa seomra:

Céard a deireann tú nuair atá tú ag iarraidh dul ag an leithreas?

Cén t-ainm a ghlaonn tú ar do mhúinteoir?

Fiafraigh faoi eachtraí a tharlaíonn:

Céard é an chéad rud a dhéanann tú ar maidin?

Fiafraigh faoi na rudaí a thaithníonn agus nach dtaithníonn léi:

Céard a thaithnigh leat faoin scéal a léigh do mhúinteoir inniu?

# Ceisteanna Oscailte agus Dúnta

**Teastaíonn freagra 'tá' nó 'níl', nó freagra le focal amháin a thabhairt ar cheist dúnta:**

'An raibh am maith agat ar an scoil inniu?

'An dtaitneodh ispíní le do tae leat?'

'An ndeachaigh tú ag an siopa?'

**Teastaíonn níos mó eolais le ceist oscailte a fhreagairt agus cuireann sé an gasúr ag smaoineamh:**

'Céard a rinne tú ag an scoil inniu?'

'Cá ndeachaigh muid inniu?'

'Abair liom faoi do phictiúr.'

Nuair a chuireann tú **ceist oscailte** ar do ghasúr caithfidh sí níos mó focla a úsáid chun freagra a thabhairt ort. Ciallaíonn sé sin freisin go gcaitheann sí a cuid smaointe a eagrú sula labhraíonn sí.



# Ag caint le do ghasúr

Leag amach am le labhairt le do ghasúr. Trí scileanna cainte do ghasúir a spreagadh leagtar síos an chéad chéim lena cuid scileanna léitheoireachta a fhorbairt.

Tabhair go leor deiseanna do do ghasúr abairtí a dhéanamh as a cuid smaointe. Bí ar an airdeall go bhfuil chuile rud a dhéanann sibh - ag imirt cluichí, ag siopadóireacht, ag déanamh cácaí beaga - mar dheis chainte don ghasúr.

Iarr ar do ghasúr gníomhartha a mhíniú, cur síos a dhéanamh orthu agus tuairimí agus smaointe a nochtadh. Tosaigh an cheist le cé, céard, cén uair, cén áit, cén fáth agus cén chaoi.

Múin ainmneacha rudaí do do ghasúr. Iarr uirthi súil a chaitheamh ar rud éicint agus ansin ainm a chur air. Spreag do ghasúr chun breathnú ar na cosúlachtaí agus na difríochtaí a bhaineann le rudaí.

Múin focla a bhaineann le suíomhanna agus treonna, am, méid agus cruthanna.

Thar aon rud eile, taispeáin do do ghasúr go bhfuil ciall lena caint trí bheith á moladh.

**Má bhíonn comhráití agat le do ghasúr déantar forbairt ar**

- **scileanna foclóireachta do ghasúir,**
- **scileanna cumarsáide do ghasúir,**
- **féinmhuinín do ghasúir.**

Bíonn sé deacair go minic am a fháil le caint le do ghasúr agus bíonn chuile chlann difriúil. Tá sé tugtha faoi deara ag roinnt tuismitheoirí gurb iad na hamanta is fearr ná:

- am dinnéir
- am folctha
- sa gcarr
- ag siopadóireacht
- am leapan
- tar éis an obair baile
- ag siúl
- ag cócaireacht

Céard iad na hamanta is feiliúnaí duitse?

# Céard faoi éisteacht?

Is ag éisteacht le do ghasúr an bealach is fearr le scileanna maithe éisteachta a mhúineadh di.

Seo roinnt samplaí:

- Coinnigh ort ag breathnú sa tsúil ar an duine.
- Bíodh foighid agat.
- Tabhair am do do ghasúr a pointe a léiriú nó a scéal a inseacht.
- Tabhair tuairim éicint faoin rud a bhíonn le rá aici.
- Spreag do ghasúr le níos mó sonraí a thabhairt trí cheisteanna oscailte a chur uirthi.
- Iarr ar do ghasúr an scéal a inseacht nó an t-eolas a thabhairt do dhuine eile sa gclann.
- Spreag fiosracht do ghasúir.
- Fiafraigh den ghasúr faoina tuairimí féin.
- Lig di labhairt gan aon chur isteach.
- Mol do ghasúr nuair a fhanann sí ciúin go dtí go bhfaigheann sí an deis le labhairt.
- Glac buíochas le do ghasúr as an eolas a roinnt leat.


Do smaointe féin:

# Cluichí a bhaineann le caint agus le héisteacht

- Cloiseann mé le mo chluaisín
- Chuaigh mé ag an siopa le hearraí a cheannacht agus...
- Chuaigh mé ag an zú agus chonaic mé...
- Aibítir na nAinmhithe
- Fiche Ceist
- *Ag Iascaireacht*
- *Dúirt Séamus*
- Céimeanna Móra agus Céimeanna Beaga
- Biongó
- Cluichí Boird

Do smaointe féin:

# Béim ar chaint agus ar éisteacht




Ainm

Aois

Déan cóip do chuile ghasúr de réir mar is gá

# Ag labhairt agus ag éisteacht le do ghasúr

Roghnaigh ceann de na gníomhaíochtaí seo le déanamh le do ghasúr i rith na seachtaine:

1. **Ceisteanna oscailte agus dúnta**
2. **Ceann de na cluichí a bhaineann le caint agus éisteacht**
3. **Béim ar chaint agus ar éisteacht**

Cén ceann de na gníomhaíochtaí a roghnaigh tú?

Cén uair a bhain tú triáil as an ngníomhaíocht?

Céard a d'foghlaim tú faoi scileanna cainte agus éisteachta do ghasúir?

Céard a thaithnigh leat féin agus le do ghasúr faoin ngníomhaíocht?

# Oideas le scéal a chur le chéile

Bíonn go leor bealaí ann chun scéal a inseacht. Seo bealach amháin acu sin.

**1. I dtús báire, las an teas.**

(Tá an t-uafás bealaí ann le tús a chur le scéal. D'fhéadfá 'Fadó an lá ó shin...' nó ' Fadó, fadó, fadó, bhí...' nó 'Bhí fear ann fadó, fadó, bhí..' a úsáid.)

Ar chuala tú céard a tharla do Mhatilda Ní Mhoiféid?

**2. Anois measc isteach do dhóthain sonraí, cosúil le cé a bhí ann, céard a tharla, cén uair a tharla sé agus cén áit.**

(Tá muidne ag úsáid Iníon Uí Mhoiféid is í ag glanadh an tí Dé Sathairn. Ach níl aon ghá duitse úsáid a bhaint as an scéal seo.)

Tá cuimhne ag chuile dhuine ar Iníon Uí Mhoiféid, bean bheag chantalach agus an-phointeáilte atá inti, a bhíonn i gcónaí ag cur di. Den chuid is mó is ag gearán faoi ghasúir an bhaile a bhíonn sí. Tá cónaí uirthi sa teachín beag sin in aici le Crosbhóthar Chailleach na gCearc. Bheul, Dé Domhnaigh seo caite bhí sí ag glanadh an tí. Bíonn sí i gcónaí ag glanadh. Níl éinne chomh pointeáilte le Matilda. Chaith sí an lá uilig ag níochán ballaí, ag sciúradh tíleanna, ag glanadh amach cófraí, ag fáil réidh le leapracha damháin alla, ag buaileadh dusta as na mataí, ag cur snas ar an troscán agus ag glanadh lorg méaracha ó na doirse agus na fuinneoga. Níor stop sí go raibh sciúradh maith tugtha do chuile sheomra sa teach aici.

Bhí sé ina thráthnóna faoin tráth a bhí sí críochnaithe agus i ndiaidh na hoibre uilig a bhí déanta aici cheap sí go raibh rud éicint deas tuillte aici. Agus céard a cheapfá a bhí uaithi? Ach gruth agus meadhg. Sea, gruth agus meadhg ach ba í sin Matilda. Bhí sí ag gabháil suí ar a tuiféad, 'Ros na Rún' a chasadh air agus an gruth agus meadhg te blasta a ithe...

**3. Ardaigh suas an teas beagán agus caith isteach beagán trioblóide.**

(Bíonn muid i gcónaí ag súil go dtarlóidh rud éicint i scéalta, sin é an fáth a n-éisteann muid leo. Anois maidir le Matilda, tá sí ag suí go deas compóirteach. Fan go bhfiosróidh muid céard a tharlóidh...)

# Oideas le scéal a chur le chéile

Bhí sé thart ar leathuair théis a seacht nuair a shuigh Matilda síos di féin. Chas sí ar 'Ros na Rún'. Bhí Máire ag gearán arís faoi Pheadar agus ag caitheamh anuas air. "Orá," a deir Matilda, "dá n-éireodh an bhean sin agus ruainne oibre a dhéanamh ní bheadh an t-am aici a bheith ag seafóid chainte mar a bhíonn sí."

Díreach ansin, bhraith Matilda go raibh rud éicint eile sa seomra léi. Ní raibh sí go díreach cinnte céard a bhí ann ach bhí a fhios aici nár airigh sí compóirteach leis... Mhothaigh sí go raibh rud éicint ag teacht ina treo. Bhí duine éicint ag bagairt uirthi...

Díreach ansin, tháinig rud éicint dorcha ina treo, agus chaith sé súil ghéar thairsti agus ansin thar a béile...

Ansin chuala sí a ghlór, "Ceapann tú go bhfuil lá crua oibre curtha isteach agat, an gceapann?" "Ní chuimhneofá i riamh go bhfuil mo chlann uilig maraithe agat agus go bhfuil mise fágtha gan teach agat?"

**4. Caith isteach réiteach éicint.**

(Tá a fhios againn, gur damhán alla a labhair ach céard a bheadh muid ag iarraidh tarlú? An bhfuil muid ag iarraidh go dtabharfadh Iníon Uí Mhoiféid faoin damhán alla? Nó an gceapann muid go bhfuil údar gearáin ag an damhán alla?)

Bhreathnaigh Iníon Uí Mhoiféid ar an damhán alla agus ionadh uirthi. Bhí sé deacair uirthi an rud a bhí díreach tar éis tarlú a chreidiúint. D'aon iarraidh, d'éirigh sí de phreab, ag ligean dá babhla titim ar an talamh, agus rith sí amach an doras.

**5. Blas de, agus ansin más gá, athraigh an réiteach.**

(Tá mé ag ceapadh go bhfanfaidh muid leis an traidisiún anseo...)

Níor bhreathnaigh sí siar thar a gualainn. Ní fhaca sí an gruth agus an meadhg ag sileadh ar an urlár a bhí díreach nithe aici.

# Oideas le scéal a chur le chéile

**6. Bain an pota den teas agus maisigh le críoch shona.**

(Críoch shona don damhán alla ar a laghad...)

Bhreathnaigh an damhán alla ina diaidh nuair a bhuail sí an doras amach agus bhí straois gháire air ó chluais go cluais. Shuigh sé síos dó féin ar an tuiféad leis an gcuid eile de 'Ros na Rún' a fheiceáil ar a chompóirt.

(Bheul, bhí an bua ag an damhán alla an iarraidh seo. Ach ná lig síos do gharda. Ní chuirfeadh sé ionadh ar bith orm dá mba síos ag an ionad áitiúil aosoideachais ag síniú i gcomhair ranganna karate, a chuaigh Iníon Uí Mhoiféid. Ná bíodh aon dul amú ort beidh sí sin ar ais!)

Críoch.

# Bosca Scéalta

| | |
|---|---|
| PEARSA | **Cé hé/hí** laoch an scéil? |
| PEARSANA EILE | **Cé eile** atá sa scéal?<br>**Cé hé/hí** an drochdhuine atá sa scéal? |
| AM | **Cén uair** a thiteann an scéal amach? |
| ÁIT/SUÍOMH | **Cén áit** a bhfuil an scéal suite? |
| AN PRÍOMHGHNÍOMH | **Céard** atá ceaptha tarlú? |
| FADHB | **Céard** a théann mícheart? |
| RÉITEACH | **Cén chaoi** a réitítear an scéal?<br>Críoch shona?<br>Críoch bhrónach? |

# Ag tabhairt cúnaimh do do ghasúr scéal a athinseacht

| | |
|---|---|
| Roghnaigh scéal a bhfuil eolas maith ag an mbeirt agaibh air. | **An bhfuil tusa in ann inseacht domsa faoi céard a tharla in Cinní Ór agus na Trí Bhéar?** |
| Cuir iallach ar do ghasúr tosú ag an tús. | **'Bhí trí bhéar ann fadó, fadó bhí.'** |
| Dírigh a haird ar shonraí áirid | **Céard a bhí Cinní Ór ag déanamh nuair a tháinig sí chomh fada leis an teachín inar mhair na trí bhéar?** |
| Cuir ceisteanna uirthi le cabhrú léi cuimhniú ar an scéal. | **'Agus céard a tharla nuair a shuigh sí ar chathaoir an bhéirín is óige?** |
| Tabhair leideanna nuair a gheobhann sí measctha. | **'Bhris an chaothaoir nár bhris? Agus ansin chuaigh Cinní Ór suas go dtí na seomraí codlata. Cén leaba a d'úsáid sí ar dtús?'** |
| Nuair a bhíonn gá leis tabhair cúnamh don ghasúr leis an scéal, tabhair treoir don ghasúr. | **'Ach níor tháinig na béaranna abhaile ar an bpointe, an dtáinig? Céard a tharla ar dtús?'** |
| Mol agus spreag do ghasúr go hard na spéire. | **'B'shin scéal iontach. Go raibh míle maith agat as é a inseacht dom.'** |

# Scéalaíocht

I rith na seachtaine triáil am a chur i leataobh le gníomhaíocht scéalaíochta a dhéanamh le do ghasúr. D'fhéadfá triáil a bhaint as scéal mar an síscéal athchóirithe nó an **'ach ansin scéal'** a inseacht.

Cén cineál scéil a thaithníonn leat inseacht do do ghasúr?


Céard iad na scéalta is fearr a thaithníonn le do ghasúr?

An nglacann do ghasúr páirt in inseacht an scéil?

An bhfuil do ghasúr in ann an scéal a athinseacht?

Céard iad na pearsana is fearr a thaithníonn le do ghasúr?

An bhfuil do ghasúr in ann caint faoi thús, lár agus críoch an scéil?



Tionscnamh Foghlama Teaghlaigh an Chláir,
Lárionad Oideachais Aosaigh agus Phobail,
Páirc Ghnó Clonroad, Inis, Co. an Chláir.
Teil. (065) 6824819

Breacadh
NDP
An Roinn Oideachais agus Eolaíochta | Department of Education and Science